



AN BEARTAS GRINNFHIOSRÚCHÁIN

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliatha agus Dhún Laoghaire tiomanta do chleachtais lena gcosnaítear leas na mac léinn. I dtaca leis sin, déanfaidh an Coiste a dhícheall chun cloí le nósanna imeachta cúramacha maidir le baill foirne a earcú agus a roghnú.

Earcaíocht agus Roghnú

Ghlac BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire nósanna imeachta earcaíochta agus roghnúcháin iomchuí i gcomhthéacs na cosanta leanaí agus áirítear an méid a leanas leo:

1. Dearbhú ar aitheantas an iarratasóra lena n-áirítear sonraí pearsanta a fhaightear trí fhoirm iarratais a úsáid.
2. Ceanglas maidir le cionta roimhe seo a dhearbhu agus dul faoi sheiceálacha foirmiúla le haghaidh iarrthóirí a bheidh i dteagmháil le leanaí agus aosaigh shoghonta ina gcuid oibre nó a mbeidh freagracht bainistíochta orthu i ndáil leo siúd a bheidh an teagmháil sin mar chuid den obair a dhéanfaidh siad.
3. Ráthaíocht shoiléir go gcaithfear leis an bhfaisnéis a nochtfar faoi rún agus nach n-úsáidfear í i gcoinne iarratasóirí go míchothrom, lena n-áirítear cloí le cód cleachtais Aonad an Bhiúró Grinnfhiosrúcháin.
4. Fianaise dhoiciméadach ar cháilíochtaí.
5. Roinnt teicnící roghnúcháin a úsáid chun an leas is mó is féidir a bhaint as an athrú chuig earcaíocht shábháilte, e.g. agallamh, seiceálacha ar theistiméireachtaí etc.

Nochtadh

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire cláraithe leis an mBiúró Grinnfhiosrúcháin a sholáthraíonn seirbhís nochtaithe d'eagraíochtaí a bhfuil poist foirne acu a mbeidh rochtain rialta gan mhaoirseacht ar leanaí agus ar aosaigh shoghonta i gceist leo. Mar chuid de phróiseas earcaíochta agus roghnúcháin an BOO, beidh tairiscintí fostaíochta maidir le poist a mbeidh obair le leanaí agus le aosaigh shoghonta i gceist leo, faoi réir nochtadh grinnfhiosrúcháin.

Forchoimeádann BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire an ceart chun grinnfhiosrúchán a dhéanamh athuair ar na baill foirne uile atá fostaite i bpoist ina mbíonn siad ag obair le leanaí

agus aosaigh shoghonta ag tráth ar bith le linn dóibh a bheith fostaithe le BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire.

Ginearálta

Ní mór do bhaill foirne a mbíonn orthu oibriú le leanaí agus/nó aosaigh shoghonta ina bpoist dul faoi ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána. Ní mór do bhaill foirne a bheith ábalta an choinníoll sin a shásamh ar feadh thréimhse a bhfostaíochta le BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire.

Mura ndéantar amhlaidh, déanfar an fhostaíocht a fhoirceannadh.

I gcás ball foirne a ciontaíodh in aon chion a bhain le leanaí nó aosaigh shoghonta; agus/nó atá faoi réir gníomh araíonachta nó smachtbhanna maidir le leanaí, ní cheadófar dóibh oibriú in aon phost ná ar aon tionscadal ina mbeidís i dteagmháil le leanaí agus aosaigh shoghonta.

Ar an gcaoi chéanna, i gcás ball foirne atá faoi réir gníomh araíonachta nó smachtbhanna maidir le leanaí, ní cheadófar dóibh oibriú in aon phost ná ar aon tionscadal ina mbeidís i dteagmháil le leanaí agus aosaigh shoghonta.